Cumhacht pise talún

Coincheap—Fuinneamh bia

Fainic: gá le maoirseacht

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Eolaíochta – Dúile Beo

Turgnamh— Fainic: Níl cead ACH ag duine fásta nó ag múinteoir é seo a dhéanamh!

Beidh gá agat le:

- Piseanna talún
- Buan-lasair (Dóire Bunsen/tóirse lasrach)
- Briogún
- Traileadán uisce

1. Sáigh pis talún ar an mbriogún.
2. Cuir an traileadán agus beagán uisce ann ar chlampa/ar sheastán.
3. Cuir an phis talún sa lasair Bunsen go lasann sí.
4. Coinnigh an phis talún agus í ar lasadh, faoin traileadán uisce.

Bia ard-fhuinnimh is ea pis talún. Nuair a dhónn tú pis talún bíonn tú ag scaoileadh a cuid fuinnimh cheimicigh agus á athrú go teas, go solas agus go fuinneamh gluaiste. An fuinneamh teasa a scaoileadh chuir sé ar an uisce beiriú.